2024/856

24.4.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/856 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Nollaig 2023

lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na cásanna maoirseachta suaite, na toimhdí coiteanna samhaltaithe agus paraiméadracha agus cad is meath mór ann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 98(5a), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá na cásanna maoirseachta suaite sonraithe ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) ([2]) agus léirítear iad i dTreoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le bainistiú riosca ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála ([3]) a bhfuil feidhm acu ón 30 Meitheamh 2019 ar aghaidh. Is iomchuí go gcuirfeadh na cásanna maoirseachta suaite a leagtar amach sa Rialachán seo leis an tsonraíocht agus leis an modheolaíocht sin.

(2) Maidir leis na toimhdí coiteanna samhaltaithe agus paraiméadracha ba cheart do na hinstitiúidí a úsáid, ní mór iad a shonrú chun an luach eacnamaíoch cothromais agus an glanioncaim úis a ríomh. Chuige sin, chun an glanioncam úis a ríomh, ba cheart toimhde cláir chomhardaithe seasmhach thar thréimhse bliana a úsáid, agus, chun an luach eacnamaíoch cothromais a ríomh, ba cheart toimhde cláir chomhardaithe faoi leachtú nádúrtha a úsáid i gcás nach ndéantar suíomhanna atá ag teacht in aibíocht a ionadú. Is é is aidhm do na toimhdí sin cothromaíocht mhaith a sholáthar maidir le cruinneas ríomha, iontaofacht na meastachán agus castacht oibríochtúil.

(3) Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir inchomparáideacht na dtorthaí a áirithiú agus an tsolúbthacht is gá mar gheall ar an tréimhse fhadtéarmach agus ar an gcastacht oibríochtúil bhunúsach a sholáthar, ba cheart corrlaigh tráchtála agus comhpháirteanna raon difríochta a áireamh agus an glanioncam úis á ríomh, ach chun an luach eacnamaíoch cothromais a ríomh, ba cheart d'institiúidí feidhmiú i gcomhréir lena gcur chuige inmheánach maidir le bainistiú agus tomhas le haghaidh riosca ráta úis sa leabhar neamhthrádála.

(4) De réir chaighdeáin CBMB, aon tástáil asluiteach arna sainordú de bhreis ar an tástáil ar an luach eacnamaíoch cothromais, ba cheart tairseach a úsáid ina leith chun bainc asluiteach a shainaithint, ar tairseach í atá chomh dian céanna ar a laghad leis an tairseach a chuirtear i bhfeidhm ar an tástáil ar an luach eacnamaíoch cothromais (15 % de chaipiteal Leibhéal 1). Ba cheart an timpeallacht atá ann faoi láthair a léiriú leis an tairseach sin ar bhealach comhréireach atá fónta ó thaobh stuamachta de, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le deimhneacht dhlíthiúil agus comhchuibhiú a bhaint amach ar fud an Aontais, ag féachaint freisin don fhíoras nach gá go gceanglóidh sárú na dtairseach le haghaidh luach eacnamaíoch cothromais agus tástálacha asluiteach ar ghlanioncam úis ar institiúidí a socruithe, a bpróisis nó a sásraí inmheánacha agus a samhlacha agus a gcineálacha cur chuige comhfhreagracha a athchalabrú, ná nach gá go mbeidh feidhmiú uathoibríoch cumhachtaí maoirseachta i gceist leis an sárú sin, i gcás ina mbeidh bainistiú na hinstitiúide ar an riosca ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhair neamhthrádála leordhóthanach ná comhréireach leis an tsamhail ghnó agus i gcás nach mbeidh an institiúid neamhchosanta go hiomarcach ar riosca den sórt sin.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.
([2]) SRP – Próiseas athbhreithnithe maoirseachta – SRP31 – Riosca ráta úis sa leabhar baincéireachta (nasc).
([3]) ÚBE/GL/2018/02 an 18 Iúil 2018 (nasc).

(5) Chun modheolaíochtaí comhchuibhithe a áirithiú le haghaidh na tástála maoirseachta asluiteach ar a bhfuil i gceist le meath mór ar ghlanioncam úis mar thoradh ar athrú tobann gan choinne ar rátaí úis, ba cheart tairseach thagartha a thabhairt isteach atá chomh dian céanna ar a laghad leis an tairseach don tástáil maoirseachta asluiteach ar an luach eacnamaíoch cothromais chomh maith le sonraíocht maidir le ríomh an ghlanioncaim úis.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cásanna maoirseachta suaite

1. Is iad seo a leanas na sé chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5), an dara fomhír, pointe (a), de Threoir 2013/36/AE:

(a) suaitheadh comhthreomhar aníos, i gcás ina bhfuil athrú comhthreomhar aníos ar an gcuar toraidh agus an suaitheadh ráta úis deimhneach céanna ann le haghaidh gach aibíochta;

(b) suaitheadh comhthreomhar anuas, i gcás ina bhfuil athrú comhthreomhar anuas ar an gcuar toraidh agus an suaitheadh ráta úis diúltach céanna ann le haghaidh gach aibíochta;

(c) suaitheadh géaróra, i gcás ina bhfuil athrú géar ar an gcuar toraidh agus suaití ráta úis diúltacha ann d'aibíochtaí níos giorra agus suaití ráta úis deimhneacha ann d'aibíochtaí níos faide;

(d) suaitheadh cothromóra, i gcás ina bhfuil athrú cothromaithe ar an gcuar toraidh agus suaití ráta úis deimhneacha ann d'aibíochtaí níos giorra agus suaití ráta úis diúltacha ann d'aibíochtaí níos faide;

(e) suaitheadh rátaí gearra aníos, agus suaitheadh ráta úis deimhneacha níos mó ann d'aibíochtaí níos giorra chun teacht le chéile leis an mbonnlíne le haghaidh aibíochtaí níos faide;

(f) suaitheadh rátaí gearra anuas, agus suaitheadh ráta úis diúltacha níos mó ann le haghaidh aibíochtaí níos giorra chun teacht le chéile leis an mbonnlíne le haghaidh aibíochtaí níos faide.

2. Is iad seo a leanas an dá chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5), an dara fomhír, pointe (b), de Threoir 2013/36/AE:

(a) suaitheadh comhthreomhar aníos, i gcás ina bhfuil athrú comhthreomhar aníos ar an gcuar toraidh agus na suaití ráta úis deimhneacha céanna ann le haghaidh gach aibíochta;

(b) suaitheadh comhthreomhar anuas, i gcás ina bhfuil athrú comhthreomhar anuas ar an gcuar toraidh agus na suaití ráta úis diúltacha céanna ann le haghaidh gach aibíochta.

3. Cinnfidh institiúidí na cásanna maoirseachta suaite dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar bhonn na suaití ráta úis a bhaineann go sonrach le hairgeadra a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn nó, i gcás na n-airgeadraí nach sonraítear inti, ar bhonn suaití ráta úis arna gcalabrú i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn.

Déanfaidh institiúidí calabrú gach cúig bliana ar a laghad ar shuaití ráta úis i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

4. Beidh feidhm ag na cásanna maoirseachta suaite dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 maidir le neamhchosaint institiúidí ar an riosca ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála atá ainmnithe i ngach airgeadra ar leithligh a bhfuil suíomhanna ábhartha ag an institiúid ina leith, i.e. i gcás inarb ionann luach cuntasaíochta na sócmhainní airgeadais nó na ndliteanas airgeadais atá ainmnithe san airgeadra sin agus i gceachtar díobh seo a leanas:

(a) 5 % nó níos mó de na sócmhainní nó na dliteanais airgeadais leabhair neamhthrádála iomlána;

(b) níos lú ná 5 % de na sócmhainní nó na dliteanais airgeadais leabhair neamhthrádála iomlána má tá suim na sócmhainní airgeadais nó na ndliteanas airgeadais a áirítear sa ríomh níos ísle ná 90 % de na sócmhainní airgeadais leabhair neamhthrádála iomlána, cé is moite de shócmhainní inláimhsithe, nó de na dliteanais airgeadais leabhair neamhthrádála iomlána.

Airteagal 2

Cásanna maoirseachta suaite a shonrú

Maidir le gach airgeadra *c*, i bhfianaise mhéid sonraithe na suaití comhthreomhara, gearra agus fada a ghabhann leis an ráta úis 'saor ó riosca', déanfar na paraiméadrúcháin seo a leanas de chuid na sé chás maoirseachta suaite a chur i bhfeidhm:

(1) *Suaitheadh comhthreomhar le haghaidh airgeadra* c: Suaitheadh comhthreomhar leanúnach aníos nó anuas thar na heatraimh ama uile:

$$\Delta R_{parallel,c}(t_k) = \pm \overline{R}_{parallel,c}$$

(2) *Suaitheadh ráta gearr le haghaidh airgeadra* c:

$$\Delta R_{short,c}(t_k) = \pm \overline{R}_{short,c} \bullet e^{\frac{-tk}{4}},$$

i gcás inarb é t_k lárphointe (ama) an k^{th} eatraimh ama.

(3) *Suaitheadh ráta fada le haghaidh airgeadra* c:

$$\Delta R_{long,c}(t_k) = \pm \overline{R}_{long,c} \bullet \left(1 - e^{\frac{-tk}{4}}\right)$$

(4) *Suaití rothlaithe le haghaidh airgeadra* c:

$$\Delta R_{steepener,c}(t_k) = -\ 0.65 \bullet\ |\Delta R_{short,c}(t_k)| + 0.9 \bullet\ |\Delta R_{long,c}(t_k)|;$$

$$\Delta R_{flattener,c}(t_k) = +\ 0.8 \bullet\ |\Delta R_{short,c}(t_k)| - 0.6 \bullet\ |\Delta R_{long,c}(t_k)|.$$

Airteagal 3

Athruithe ar luach eacnamaíoch cothromais na hinstitiúide

1. Léireoidh institiúidí na toimhdí coiteanna samhaltaithe agus paraiméadracha a leagtar amach i míreanna 2 go 10 agus an luach eacnamaíoch cothromais á ríomh acu:

2. Áireoidh institiúidí an méid seo a leanas ina ríomh ar luach eacnamaíoch cothromais:

(a) gach suíomh leabhair neamhthrádála ó ionstraimí atá íogair ó thaobh ráta úis de;

(b) gnó beag leabhair trádála de réir bhrí Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) mura ngabhtar a riosca ráta úis i mbeart riosca eile;

(c) roghanna uathoibríocha agus iompraíochta;

(d) oibleagáidí pinsin agus sócmhainní plean pinsin mura ngabhtar a riosca ráta úis i mbeart riosca eile;

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(e) na sreafaí airgid ó ionstraimí atá íogair ó thaobh ráta úis de, lena n-áireofar aon aisíocaíocht príomhshuime, aon athphraghsáil príomhshuime agus aon íocaíocht úis ghaolmhar;

(f) uasteorainneacha agus íosteorainneacha ráta úis a bhaineann go sonrach le hionstraim.

Chun críoch phointe (c), déanfaidh institiúidí príomhthoimhdí samhaltaithe iompraíochta na n-ionstraimí atá íogair ó thaobh ráta úis de a choigeartú do na gnéithe de chásanna rátaí úis éagsúla agus aird á tabhairt ar na tairseacha comhréireachta agus ábharthachta a leagtar amach in Airteagal 8(10), Airteagal 9(2), Airteagal 10(4), Airteagal 12(2) agus Airteagal 23(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 ([6]).

3. Déanfar gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus cistí dílse suthaine eile gan aon ghlaodháta a eisiamh ó na ríomhanna.

4. Institiúidí a bhfuil cóimheas neamhchosaintí neamhthuillmheacha 2 % nó níos mó acu, áireoidh siad neamhchosaintí neamhthuillmheacha mar ionstraimí atá íogair ó thaobh ráta úis ginearálta de ar cheart dá samhaltú léiriú a dhéanamh ar na sreafaí airgid a bhfuil coinne leo agus a n-uainiú. Áireofar neamhchosaintí neamhthuillmheacha glan ó fhorálacha. Chun na gcríoch sin, déanfar neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chinneadh le hurrúis fiachais, iasachtaí agus airleacain arna n-aicmiú mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcomhréir le hAirteagal 47a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus déanfar cóimheas na neamhchosaintí neamhthuillmheacha a ríomh mar mhéid na neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna roinnt ar mhéid iomlán na n-ollurrús fiachais, na n-iasachtaí agus na n-airleacan arna ríomh ar leibhéal na hinstitiúide.

5. Corrlaigh tráchtála agus comhpháirteanna eile raonta difríochta in íocaíochtaí úis i dtéarmaí a n-eisiaimh ó na sreafaí airgid nó i dtéarmaí a gcuimsithe sna sreafaí airgid, déileálfar leo i gcomhréir le cur chuige inmheánach bainistíochta agus tomhais na n-institiúidí le haghaidh riosca ráta úis sa leabhar neamhthrádála. Má dhéantar corrlaigh tráchtála agus comhpháirteanna eile raonta difríochta a eisiamh, déanfaidh institiúidí an méid seo a leanas:

(a) modheolaíocht thrédhearcach a úsáid chun an ráta saor ó riosca a shainaithint tráth thionscnaimh gach ionstraime;

(b) úsáid a bhaint as modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na n-aonad gnó;

(c) a áirithiú go mbeidh eisiamh na gcorrlach tráchtála agus na gcomhpháirteanna eile raonta difríochta ó na sreafaí airgid comhsheasmhach leis an gcaoi a mbainistíonn agus a bhfálaíonn an institiúid riosca ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála;

(d) fógra a thabhairt don údarás inniúil maidir lena n-eisiamh.

6. Déanfar an t-athrú ar luach eacnamaíoch cothromais a ríomh trí ghlacadh leis go mbeidh clár comhardaithe faoi leachtú nádúrtha ann, i gcás ina n-aibeoidh suíomhanna atá ann cheana agus nach gcuirfear suíomhanna nua ina n-ionad.

7. Cuirfear íosteorainn ráta úis iar-shuaitheadh atá spleách ar aibíocht i bhfeidhm maidir le gach airgeadra, ag tosú le -150 bonnphointe d'aibíocht láithreach. Tiocfaidh méadú 3 bhonnphointe in aghaidh na bliana ar an íosteorainn sin, chomh fada le 0 % i gcás aibíochtaí 50 bliain nó níos mó ar deireadh. Má tá rátaí úis breathnaithe níos ísle ná an íosteorainn ráta úis iar-shuaitheadh, cuirfidh institiúidí an ráta úis breathnaithe níos ísle i bhfeidhm.

8. Agus an t-athrú comhiomlán do gach cás suaite ráta úis á ríomh, suimeoidh institiúidí le chéile aon athrú diúltach agus deimhneach a tharlaíonn i ngach airgeadra. Déanfar airgeadraí seachas an t-airgeadra tuairiscithe a chomhshó san airgeadra tuairiscithe ag spotráta FX an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar an dáta tagartha. Déanfar athruithe deimhneacha a ualú faoi fhachtóir 50 % nó faoi fhachtóir 80 % i gcás Sásra Ráta Malairte - airgeadraí ERM II a bhfuil banda luaineachta acu atá comhaontaithe go foirmiúil agus atá níos cúinge ná an banda caighdeánach +/- 15 %. Aithneofar gnóthachain ualaithe suas le cibé acu is airde, (a) luach absalóideach na n-athruithe diúltacha in EUR nó airgeadraí ERM II nó (b) an toradh ar fhachtóir 50 % a chur i bhfeidhm ar athruithe deimhneacha airgeadraí ERM II nó EUR, faoi seach.

9. I gcás lascainithe, cuirfear cuar toraidh ginearálta 'saor ó riosca' iomchuí i bhfeidhm in aghaidh an airgeadra. Ní áireofar leis an gcuar toraidh sin raonta difríochta creidmheasa ná raonta difríochta leachtachta atá sonrach maidir le hionstraim, earnáil ná eintiteas.

([6]) 6 Rialachán (AE) Tarmligthe ón gCoimisiún 2024/857 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear modheolaíocht chaighdeánaithe agus modheolaíocht chaighdeánaithe shimplithe chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as athruithe féideartha i rátaí úis a dhéanann difear do luach eacnamaíoch cothromais agus do ghlanioncam úis gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála institiúide araon (IO L, 2024/857, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/857/oj).

10. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca a bhaineann le táirgí atá íogair ó thaobh ráta úis de agus atá nasctha le boilsciú nó le fachtóirí margaidh eile, cuirfear toimhdí stuamachta i bhfeidhm. Beidh na toimhdí sin bunaithe ar an luach breathnaithe reatha nó ar an luach breathnaithe deireanach, ar réamhaisnéisí ó institiúid taighde eacnamaíoch creidiúnach nó ar chleachtais mhargaidh eile a bhfuil glacadh coitianta leo agus beidh siad neamhspleách ar chásanna go ginearálta.

Airteagal 4

Athruithe ar ghlanioncam úis na hinstitiúide

1. Léireoidh institiúidí na toimhdí coiteanna samhaltaithe agus paraiméadracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), (3) agus (4) agus (7) go (10) agus an glanioncam úis á ríomh acu. Ina theannta sin, léireoidh institiúidí na toimhdí coiteanna samhaltaithe agus paraiméadracha a leagtar amach i míreanna 2 go 4 den Airteagal seo agus an glanioncam úis á ríomh acu.

2. Breithneoidh na hinstitiúidí ioncam úis agus costais úis thar thréimhse bliana ina ríomhanna, beag beann ar aibíocht agus láimhseáil chuntasaíochta na n-ionstraimí ábhartha leabhair neamhthrádála atá íogair ó thaobh ráta úis de.

3. Áireoidh institiúidí corrlaigh tráchtála agus comhpháirteanna eile raonta difríochta ina ríomhanna.

4. Ríomhfaidh institiúidí an t-athrú ar an nglanioncam úis trí ghlacadh leis go mbeidh clár comhardaithe seasmhach ann, i gcás ina ndéantar a mhéid iomlán agus a chomhdhéanamh, lena n-áirítear ítimí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a choinneáil ar bun trí ionstraimí nua a chur in ionad sreafaí airgid atá ag aibiú nó sreafaí airgid athphraghsála, ar ionstraimí iad a bhfuil gnéithe inchomparáide acu maidir le hairgeadra, méid agus tréimhse athfhillte na n-ionstraimí sin lena ngintear na sreafaí airgid athphraghsála. Beidh corrlaigh na n-ionstraimí nua bunaithe ar na corrlaigh ó tháirgí arna gceannach nó arna ndíol le déanaí agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu. I gcás ionstraimí a bhfuil praghsanna margaidh inbhraite acu, úsáidfear na raonta difríochta margaidh is déanaí seachas raonta difríochta margaidh stairiúla.

Airteagal 5

Meath mór

1. Chun críoch Airteagal 98(5), an dara fomhír, pointe (b), de Threoir 2013/36/AE, is éard a bheidh i meath mór meath níos mó ná 5 % ar ghlanioncam úis bliana institiúide dá caipiteal Leibhéal 1, mar thoradh ar athrú tobann gan choinne ar rátaí úis mar a leagtar amach i gceachtar den dá chás maoirseachta suaite a leagtar amach in Airteagal 1(2).

2. Déanfar meath mór dá dtagraítear i mír 1 a ríomh bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas:

$$\frac{NII_{shock} - NII_{baseline}}{Tier\ 1\ Capital} < -5\ \%$$

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuid A: Suaití ráta úis $\overline{R}_{shocktype,\ c}$

	ARS	AUD	BGN	BRL	CAD	CHF	CNY	CZK	DKK	EUR	GBP
Comhthreomhar	400	300	250	400	200	100	250	200	200	200	250
Gearr	500	450	350	500	300	150	300	250	250	250	300
Fada	300	200	150	300	150	100	150	100	150	100	150

	HKD	HUF	IDR	INR	JPY	KRW	MXN	PLN	RON	RUB	SAR
Comhthreomhar	200	300	400	400	100	300	400	250	350	400	200
Gearr	250	450	500	500	100	400	500	350	500	500	300
Fada	100	200	350	300	100	200	300	150	250	300	150

	SEK	SGD	TRY	USD	ZAR
Comhthreomhar	200	150	400	200	400
Gearr	300	200	500	300	500
Fada	150	100	300	150	300

ARS	Peso na hAirgintíne	INR	Rúipí na hIndia
AUD	Dollar na hAstráile	JPY	Yen na Seapáine
BGN	Lev na Bulgáire	KRW	Won na Cóiré Theas
BRL	Real na Brasaíle	MXN	Peso Mheicsiceo
CAD	Dollar Cheanada	PLN	Zloty na Polainne
CHF	Franc na hEilvéise	RON	Leu na Rómáine
CNY	Yuan na Síne	RUB	Rúbal na Rúise
CZK	Koruna Phoblacht na Seice	SAR	Riyal na hAraibe Sádaí
DKK	Krone na Danmhairge	SEK	Krona na Sualainne
EUR	An Euro	SGD	Dollar Shingeapór
GBP	Punt steirling	TRY	Lira na Tuirce
HKD	Dollar Hong Cong	USD	Dollar na Stát Aontaithe
HUF	Forint na hUngáire	ZAR	Rand na hAfraice Theas
IDR	Rupiah na hIndinéise		

Cuid B: Suaití ráta úis a chalabrú le haghaidh airgeadraí nach dtagraítear dóibh i gCuid A

(1) Déanfaidh institiúidí an meánráta úis laethúil a ríomh ar dtús trí amshraith 16 bliana de rátaí úis laethúla 'saor ó riosca' a bhailiú, gan raonta difríochta creidmheasa ná raonta difríochta leachtachta atá sonrach ó thaobh ionstraime nó eintitis de, do gach airgeadra maidir leis na haibíochtaí 3M, 6M, 1Y, 2Y, 5Y, 7Y, 10Y, 15Y agus 20Y agus ansin ríomhfaidh siad an meánráta úis uimhríochtúil maidir le gach airgeadra *c* thar na barúlacha uile san amshraith agus maidir leis na haibíochtaí uile. Is é an toradh a bheidh air sin beart aonair in aghaidh an airgeadra.

(2) I gcás ina bhfuil an meánráta úis arna ríomh i gcomhréir le pointe (1) don chéad 7 mbliana níos mó ná 700 bonnphointe, úsáidfear na sonraí ó na 10 mbliana is déanaí, faoi réir infhaighteacht sonraí. I gcás ina bhfuil an meánráta úis arna ríomh i gcomhréir le pointe (1) don chéad seacht mbliana cothrom le nó níos lú ná 700 bonnphointe, úsáidfear an t-amshraith sonraí 16 bliana ina hiomláine.

(3) Déanfar an suaitheadh ráta úis comhthreomhar, gearr agus fada de réir airgeadra a dhíorthú ón bparaiméadar suaite domhanda ábhartha ó Thábla 1 a chur i bhfeidhm ar an meánráta úis arna ríomh i gcomhréir le pointe (1) agus pointe (2).

Tábla 1.

Paraiméadair bhonnlíne maidir le suaitheadh ar ráta úis domhanda

Comhthreomhar	$\overline{\alpha}_{parallel}$	60 %
Gearr	$\overline{\alpha}_{short}$	85 %
Fada	$\overline{\alpha}_{long}$	40 %

(4) Cuirfidh institiúidí íosráta 100 bonnphointe i bhfeidhm chomh maith le huasteorainneacha inathraithe de 500 bonnphointe don suaitheadh gearrthéarmach, 400 bonnphointe don suaitheadh comhthreomhar agus 300 bonnphointe don suaitheadh fadtéarmach, faoi seach.

(5) Déanfar an tacar suaití ráta úis de réir airgeadra a shlánú ansin go dtí an 50 bonnphointe is gaire.